

# Staidéar ar Iompraíocht Sláinte Leanaí Scoile na hÉireann (HBSC) 2010



OÉ Gaillimh
NUI Galway

HBSC

An Roinn Sláinte
DEPARTMENT OF HEALTH

# Staidéar ar Iompraíocht Sláinte Leanaí Scoile na hÉireann (HBSC) 2010

**Feabhra 2012**

Colette Kelly, Aoife Gavin, Michal Molcho agus Saoirse Nic Gabhainn.

An tIonad Taighde um Chothú Sláinte
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
www.nuigalway.ie/hbsc

© Cóipcheart 2012
An tIonad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
An Roinn Sláinte, Rialtas na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Foilsithe ag an Roinn Sláinte agus ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

ISBN: 978-1-908358-02-8

OÉ Gaillimh
NUI Galway

HBSC

An Roinn Sláinte
DEPARTMENT OF HEALTH

# Clár

Réamhrá .......... 4

Brollach .......... 5

Achoimre Feidhmiúcháin .......... 6

Modheolaíocht .......... 10

Torthaí .......... 13

- Sláinte Ghinearálta .......... 15
- Caitheamh Tobac .......... 21
- Alcól .......... 25
- Úsáid Drugaí .......... 29
- Iompraíocht Bia agus Cothaithe .......... 31
- Aclaíocht agus Gníomhaíocht Fhisiciúil .......... 43
- Féinchúram .......... 49
- Gortuithe .......... 53
- Troid agus Bulaíocht .......... 55
- Impraíocht Sláinte Ghnéis .......... 59

Aguisín .......... 61

Foireann an Tionscadail .......... 64

Buíochas leo seo a leanas .......... 65

# Réamhrá



Tá léargas faighte againn ar iompraíocht sláinte leanaí scoile – léargas atá fíorluachmhar agus polasaithe á gcur le chéile i réimsí éagsúla. Cuirfidh sé seo leis an gcorpas taighde atá ar fáil cheana féin ar nósanna maireachtála agus iompraíocht sláinte mhuintir na hÉireann; agus tá cuspóir amháin againn leis an eolas seo a úsáid: Sláinte mhuintir na hÉireann a fheabhsú agus a chosaint.

Tugann an Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte Leanaí Scoile (HBSC) treoir dúinn do pholasaithe amach anseo chun sláinte mhuintir na tíre a fheabhsú agus a chosaint: Insíonn sé dúinn na réimsí ina gcaithfear polasaithe a leasú; na hathruithe amach anseo ar iompraíocht chuí; rud a chuideoidh leis an Rialtas aghaidh a thabhairt ar an iompraíocht atá ina húdar imní, nó cloí leis an bpolasaí atá ann má thuairiscítear athruithe dearfacha san iompraíocht.

Tá an staidéar taighde seo ar bun mar gheall ar an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO): Staidéar taighde trasnáisiúnta an HBSC a rinneadh i gcomhar le hOifig Réigiúnach na hEorpa den WHO. Tá 43 tír agus réigiún rannpháirteach ann; agus is é seo an ceathrú huair a bhfuil maoiniú déanta ag mo Roinn ar chéim na hÉireann den staidéar. Tugann sé seo an deis dúinn leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar athruithe san iompraíocht sláinte ar bhealach a mbeimid in ann comparáid a dhéanamh le tíortha rannpháirteach eile.

Déanann an suirbhé cur síos ar iompraíocht sláinte leanaí idir 9 mbliana agus 18 mbliana d'aois. Cé go léiríonn roinnt freagraí ó na leanaí gur beag athrú a tharla ón méid a tuairiscíodh in 2006, léiríonn roinnt sonraí eile go leor athruithe: Údar dóchais dom go bhfuil laghdú tagtha ar líon na leanaí a chaith tobac, mar a chéile leis an méid a d'ól alcól agus a d'úsáid cannabas; tá na treochtaí cothaithe agus diaiteacha dearfach – den chuid is mó – agus níos mó leanaí ag ithe glasraí agus laghdú ar líon na milseán a itear agus líon na ndeochanna boga a óltar; ach is údar díomá dom go bhfuil méadú tagtha ar líon na leanaí a dúirt go bhfuair siad ocras. Mar fhocal scoir, den chéad uair, tá iompraíocht sláinte ghnéis leanaí idir 15 bliana agus 17 mbliana d'aois sa staidéar. Tugann an suirbhé léargas dúinn ar nósanna maireachtála. Beidh mo Roinn in ann an t-eolas seo a úsáid chun nósanna sláintiúla maireachtála a chur chun cinn in earnáil na sláinte agus eile.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair an Ionaid Taighde um Chothú Sláinte in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun an staidéar seo a chur i dtoll a chéile. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na daltaí a líon na ceistneoirí, a dtuismitheoirí agus na foirne scoile as a dtacaíocht.



An Dr James Reilly.
An tAire Sláinte.

# Brollach

Léirítear sonraí ó HBSC Éireann 2010, Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte Leanaí Scoile na hÉireann, sa tuarascáil seo. Is é suirbhé HBSC 2010 an ceathrú babhta a bailíodh sonraí den chineál seo ó dhaoine óga i bPoblacht na hÉireann; rinneadh suirbhé roimhe seo in 2006, 2002 agus 1998 (www.nuigalway.ie/hbsc).

Staidéar taighde trasnáisiúnta é HBSC a dhéantar i gcomhar le hOifig Réigiúnach na hEorpa de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO). Reáchtáiltear an suirbhé idirnáisiúnta HBSC ar bhonn timthrialla acadúla 4 bliana agus in 2009/10 bhí 43 tír agus réigiún rannpháirteach ann (www.hbsc.org). Is iad cuspóirí an staidéir iomláin tuiscint nua a fháil ar shláinte agus ar fholláine daoine óga, ar a n-iompraíocht sláinte agus ar a gcomhthéacs sóisialta agus cur lenár dtuiscint orthu sin. Chomh maith leis an bhfeidhm monatóireachta agus ginte eolais atá aige, tá ionchur i mbeartas agus i gcleachtadh ar cheann de phríomhchuspóirí an HBSC.

Go trasnáisiúnta, bailíonn HBSC faisnéis faoi phríomhtháscairí sláinte, dearcthaí sláinte agus iompraíocht sláinte, agus faoi chomhthéacs na sláinte do dhaoine óga. Is suirbhé scoilbhunaithe an HBSC agus bailítear na sonraí trí cheistneoirí féin-chomhlánaithe a dháileann múinteoirí sa seomra ranga. Is ceistneoir caighdeánach ionstraim shuirbhé an HBSC a d'fhorbair an gréasán taighde idirnáisiúnta. Roghnaítear na réimsí spéise i gcomhar leis an WHO agus tá siad leagtha amach ar bhealach a chuideodh le forbairtí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta maidir le sláinte an aosa óig.

Is iad na ceisteanna a roghnaíodh don chéad tuarascáil seo ó shuirbhé 2010 na hÉireann na ceisteanna céanna a cuireadh i dtuarascáil náisiúnta an HBSC in 2006. Is é an Bord Comhairleach agus cáipéisí náisiúnta Straitéise tábhachtacha a d'aithin iad. Ina measc sin tá sláinte ghinearálta, caitheamh tobac, úsáid alcóil agus substaintí eile, iompraíocht bia agus cothaithe, aclaíocht agus gníomhaíocht fhisiciúil, féinchúram, gortuithe agus bulaíocht. Chomh maith leis sin, fiafraíodh de leanaí 15 bliana d'aois agus níos sine, den chéad uair i suirbhé HBSC Éireann, a n-iompraíocht sláinte ghnéis a thuairisciú agus tá na sonraí sin curtha i láthair anseo. Léiríonn staitisticí difríochtaí móra de réir inscne, aoise agus aicme shóisialta sa tuarascáil seo.

Rinne an Roinn Sláinte agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maoiniú ar staidéar an HBSC. Rinneadh an suirbhé agus an anailís san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉ Gaillimh).

# Achoimre Feidhmiúcháin

Tá achoimre tugtha thíos ar phríomhthorthaí HBSC Éireann 2010:

## Sláinte Ghinearálta

San iomlán, tá líon na leanaí a thuairiscigh go raibh scoth na sláinte acu (33%), go raibh siad an-sásta (50%) agus go raibh siad an-sásta lena saol (76%) beagnach mar a chéile le HBSC 2006. Go ginearálta, is mó seans go dtuairisceodh leanaí óga agus buachaillí sláinte mhaith. Is lú seans go dtuairisceodh leanaí ó aicme shóisialta níos ísle scoth na sláinte agus an-sásta lena saol.

Tá líon na leanaí as rang a 3 agus a 4 a thuairiscigh go bhfuil scoth na sláinte acu (39%) agus go bhfuil siad an-sásta (70%) mar a chéile le 2006. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara in inscne ná in aicmí sóisialta.

## Úsáid substaintí

San iomlán, tá laghdú ó 2006 in úsáid tobac, alcóil agus cannabais i measc leanaí scoile in Éirinn.

*Caitheamh Tobac*

Tháinig laghdú ar an líon atá ag caitheamh faoi láthair (12%) agus a chaith riamh (27%) ó 2006 (15% agus 36% faoi seach). Tá difríochtaí le sonrú de réir aoise agus aicme shóisialta maidir leis an dá ráta caithimh, is mó seans go dtuairisceodh leanaí níos sine agus leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle an dá iompraíocht. Is mó seans go dtuairisceodh buachaillí gur chaith siad riamh ná cailíní, agus tá laghdú suntasach le sonrú i líon na gcailíní níos sine a chaith riamh (47% in 2010 vs. 57% in 2006).

Tháinig laghdú ar líon na leanaí i rang a 3 agus a 4 a thuairiscigh gur chaith siad riamh (3%) ó 2006 agus tá an líon atá ag caitheamh faoi láthair fanta mar a chéile (1%) agus a bhí in 2006. Is mó seans go dtuairisceodh buachaillí na hiompraíochtaí seo ná cailíní. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta.

*Alcól*

Tá an líon leanaí scoile in Éirinn a thuairiscigh gur ól siad alcól tite ó 2006. Thuairiscigh 46% de leanaí gur ól siad riamh (53% in 2006) agus thuairiscigh 21% go mbíonn siad ag ól faoi láthair (26% in 2006). Tá laghdú tagtha chomh maith ar rátaí meisce (28% in 2010 vs. 32% in 2006) agus an líon a thuairisicigh go raibh siad ar meisce le 30 lá roimhe sin (18% in 2010 vs. 20% in 2006). Bhí difríochtaí ó thaobh aoise agus inscne sna ceithre cheist faoi alcól a ól, is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine agus buachallí go raibh siad ag ól agus ar meisce. Is mó an seans go dtuairisceodh leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle go raibh siad 'ar dearg mheisce'.

*Úsáid Drugaí*

Tháinig laghdú ar an líon a thuairiscigh gur úsáid siad cannabas, le 12 mhí roimhe sin (8% in 2010 vs. 16% in 2006) agus le 30 lá roimhe sin (5% in 2010 vs. 7% in 2006). Is mó an seans go dtuairisceodh buachaillí agus leanaí níos sine úsáid cannabais. Níl aon difríocht in aicme shóisialta le sonrú.

## Iompraíocht Bia agus Cothaithe

Tá feabhas tagtha ar iompraíochtaí bia (e.g., glasraí) agus cothaithe (e.g., le meáchan a chailleadh) i measc leanaí scoile in Éirinn nó tá siad fanta mar a chéile ó HBSC 2006.

*Tomhaltas bia*

San iomlán, thuairiscigh 20% de leanaí go n-itheann siad torthaí níos minice ná uair sa lá (19% in 2006) agus thuairiscigh 20% go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá (18% in 2006). Is mó an seans go dtuairisceodh cailíní, leanaí níos óige agus leanaí ó aicmí sóisialta níos airde go n-itheann siad torthaí agus glasraí go rialta.

San iomlán, tháinig laghdú ó 2006 ar líon na leanaí a thuairiscigh go n-itheann siad milseáin gach lá nó níos minice (37% in 2010 vs. 39% in 2006), agus a thuairiscigh go n-ólann siad deochanna boga gach lá nó níos minice (21% in 2010 vs. 26% in 2006). Is mó seans go dtuairisceodh leanaí níos sine agus leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle go n-itheann siad milseáin agus deochanna boga go rialta. Tá difríochtaí inscne le sonrú chomh maith, is mó seans go dtuairisceodh cailíní go n-itheann siad milseáin go rialta (39% cailíní vs. 34% buachaillí) agus is mó seans go dtuairisceodh buachaillí go n-ólann siad deochanna boga go minic (23% buachaillí vs. 19% cailíní).

Tá patrúin mar seo le sonrú i measc leanaí rang a 3 agus a 4, le méadú sa mhéid glasraí a itear (26% in 2010 vs. 21% in 2006), gan aon athrú sa mhéid torthaí a itear (30%) ná milseáin a itear (28%), agus laghdú sa mhéid deochanna boga a óltar (15% in 2010 vs. 18% in 2006).

*Iompraíochtaí bia*

Is beag athrú a tháinig ar an líon a thuairiscigh nach raibh bricfeasta acu riamh i rith na seachtaine ó 2006 (13% in 2010 vs. 14% in 2006). Is mó seans go dtuairisceodh cailíní, leanaí níos sine agus leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle nach raibh bricfeasta acu riamh i rith na seachtaine. Is mar a chéile le 2006 líon na leanaí as rang a 3 agus a 4 a thuairiscigh nach raibh bricfeasta acu riamh i rith na seachtaine (2%).

Iarradh ar leanaí a insint cé chomh minic agus a théann siad ar scoil nó a chodladh agus ocras orthu mar nach raibh a ndóthain bia acu sa bhaile. San iomlán, thuairiscigh 21% de leanaí go ndeachaigh siad ar scoil nó a chodladh riamh agus ocras orthu, sin méadú ó 2006 (17%). Is mó an seans go dtuairisceodh buachaillí, leanaí níos óige agus iad siúd ó aicmí sóisialta níos ísle go ndeachaigh siad ar scoil nó a chodladh agus ocras orthu.

D'fhan líon na leanaí ar aiste bia (nó ag déanamh rud éigin eile) chun meáchan a chailleadh in 2010 (13%) beagnach mar a chéile le líon 2006 (12%). Is mó an seans go dtuairisceodh cailíní nó leanaí níos sine go raibh siad ar aiste bia chun meáchan a chailleadh (nó ag iarraidh meáchan a chailleadh).

## Aclaíocht agus gníomhaíocht fhisiciúil

Is beag athrú atá tagtha ar mhinicíocht aclaíochta, gníomhaíocht fhisiciúil agus neamhghníomhaíocht in HBSC 2010. San iomlán, thuairiscigh 51% de leanaí go raibh siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice (53% in 2006), thuairiscigh 9% de leanaí go mbíonn aclaíocht fhuinniúil ar bun acu níos lú ná uair sa tseachtain (10% in 2006) agus thuairiscigh 25% de leanaí go raibh gníomhaíocht fhisiciúil ar bun acu ar feadh na 7 lá roimhe sin (27% in 2006). Bhí difríochtaí le sonrú ó thaobh inscne agus aoise. Go ginearálta, is mó seans go mbeadh buachaillí agus leanaí níos óige gníomhach. Is mó seans go dtuairisceodh leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle go raibh siad neamhghníomhach agus is mó seans go dtuairisceodh leanaí ó mheánaicmí sóisialta go raibh siad gníomhach go fisiciúil ar feadh na 7 lá roimhe sin.

I measc leanaí rang a 3 agus a 4, thuairiscigh 70% go raibh siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice (72% in 2006) agus thuairiscigh 7% go raibh aclaíocht fhuinniúil ar bun acu níos lú ná uair sa tseachtain (8% in 2006).

## Féinchúram

Is beagnach mar a chéile an líon a thuairiscigh go níonn siad a gcuid fiacla, níos minice ná uair sa lá (67%), leis an líon in 2006 (63%), agus tá an patrún céanna le feiceáil i measc leanaí rang a 3 agus a 4 (66% in 2010 vs. 64% in 2006). Is mó an seans go dtuairisceodh cailíní agus leanaí in aicmí sóisialta níos airde go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara in aoisghrúpaí.

Fiafraíodh de leanaí cé chomh minic a chaitheann siad crios sábháilteachta i gcarr. San iomlán, thuairiscigh 81% de leanaí go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí, is ionann é sin beagnach agus 2006 (79%). Is mó an seans go dtuairisceodh cailíní agus leanaí níos óige go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí.

## Gortuithe

Tá laghdú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh gur gortaíodh iad agus gur theastaigh cóir leighis uathu uair amháin nó níos mó sa 12 mhí roimhe sin (37% in 2010 vs. 43% in 2006). Is mó an seans go dtuairisceodh buachaillí agus leanaí níos sine gur gortaíodh iad riamh. As an méid a thuairiscigh gur gortaíodh iad, thuairiscigh 57% gur chaill siad 3 lá gníomhaíochta nó níos mó le bliain roimhe sin mar gheall ar ghortú (56% in 2006). Tá difríochtaí inscne agus aoise cosúil leis na difríochtaí inscne agus aoise a tuairiscíodh d'fhorleithne gortuithe, gan aon difríocht in aicme shóisialta le sonrú.

## Bulaíocht

Níl aon athrú tagtha ó 2006 ar líon na leanaí a thuairiscigh gur dearnadh bulaíocht orthu riamh ag 24%. Ach, laghdaigh líon na leanaí a thuairiscigh go ndearna siad bulaíocht le cúpla mí roimhe sin (17% in 2010 vs. 22% in 2006). Is mó an seans go dtuairisceodh buachaillí go ndearnadh bulaíocht orthu agus go raibh siad féin i mbun bulaíochta riamh. Is mó an seans

go dtuairisceodh leanaí níos óige go ndearnadh bulaíocht orthu, agus is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine go ndearna siad bulaíocht. Ní raibh aon difríochtaí le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta.

Níl aon athrú tagtha ó 2006 (37%) ar líon na leanaí i rang a 3 agus a 4 a thuairiscigh go ndearnadh bulaíocht orthu riamh. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara in inscne ná in aicmí sóisialta.

## Iompraíocht Ghnéis

San iomlán, thuairiscigh 27% de leanaí 15-17 mbliana d'aois go raibh caidreamh gnéis acu riamh. Is mó an seans go dtuairisceodh buachaillí agus leanaí as aicmí sóisialta níos ísle go raibh caidreamh gnéis acu.

Astu siúd a thuairiscigh go raibh caidreamh gnéis acu riamh, thuairiscigh 93% gur úsáid siad coiscín an uair dheiridh agus thuairiscigh 59% gur úsáid siad an piollaire frithghiniúnach. Is mó an seans go dtuairisceodh cailíní gur úsáid siad an piollaire mar fhrithghiniúnach agus ní raibh aon difríochtaí inscne le sonrú in úsáid coiscíní mar fhrithghiniúnach. Ní raibh aon difríochtaí le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta.

# Modheolaíocht

## HBSC 2010 & Suirbhé na Meán-Óige

Is staidéar comhoibríoch WHO (Eorpach) an suirbhé HBSC. Bíonn príomhiniúchóirí as gach tír/réigiún ag comhoibriú le chéile maidir le hábhar, modheolaíocht agus tréimhse ama an tsuirbhé, agus déantar prótacal idirnáisiúnta a fhorbairt. Caithfear cloí go docht leis an bprótacal chun go gcuirfear an t-ábhar san áireamh sa bhunachar sonraí idirnáisiúnta agus d'éirigh linn é sin a dhéanamh sa staidéar reatha seo.

I bPoblacht na hÉireann, rinneadh sampláil chun go mbeadh an suirbhé ionadaíoch ar an gcéadatán leanaí atá i ngach ceann de na 8 réigiún tíreolaíochta. Ba é an aidhm a bhí leis sin sampla ionadaíoch náisiúnta a fháil de leanaí ag aois scoile, agus úsáideadh na nósanna imeachta céanna a úsáideadh do shuirbhéanna HSBC Éireann 1998, 2002 agus 2006. Úsáideadh sonraí as daonáireamh 2006 chun léiriú a thabhairt ar roinnt an daonra sna réigiúin tíreolaíochta éagsúla. Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, ar chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta liosta díobh ar fáil, a sholáthraigh an fráma samplála. Rinneadh rannpháirtithe an staidéir a aithint trí phróiseas a raibh dhá chéim ann. Roghnaíodh scoileanna éagsúla i réigiúin go randamach agus ina dhiaidh sin roghnaíodh grúpaí ranga i scoileanna go randamach le bheith rannpháirteach sa suirbhé. I mbunscoileanna bhí grúpaí ó rang 3 go rang 6 san áireamh, agus sna hiar-bhunscoileanna cuireadh gach rang seachas grúpaí na hArdteistiméireachta (i.e. ranganna scrúduithe na bliana deiridh) sa sampla.

Chuathas i dteagmháil ar dtús le príomhoidí tríd an bpost agus nuair a fuarthas freagra dearfach, tugadh ceistneoirí HBSC i nGaeilge nó i mBéarla dóibh, mar aon le clúdaigh ghlana lena chinntiú go gcoimeádfaí aitheantas freagróirí faoi rún, foirmeacha toilithe ó thuismitheoirí, bileoga eolais do mhúinteoirí agus foirmeacha aiseolais ranga. Is trí chlúdaigh litreach SAORPHOIST a seoladh na foirmeacha ar ais. Chun cur leis an ráta freagartha, cuireadh meabhrúcháin sa phost chuig na scoileanna, agus ghlaoigh foireann taighde an Ionaid Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh orthu. Rinneadh na sonraí a iontráil de réir phrótacal idirnáisiúnta HBSC. Tá achoimre ar an modheolaíocht a úsáideadh le fáil i dTábla 1.

Bailíodh sonraí ó leanaí rang a 3 agus a 4, ar leagan giorraithe de cheistneoir HBSC. Níor bailíodh sonraí maidir le hiompraíocht sláinte ghnéis ach ó leanaí níos sine.

**Tábla 1: Achoimre ar mhodheolaíocht Shuirbhé HBSC**

| | |
|---|---|
| Daonra | Leanaí scoile idir 9-18 mbliana d'aois |
| Fráma Samplála | Liostaí scoileanna na Roinne Oideachais agus Eolaíochta |
| Sampla | Braisleshampla de dhaltaí i seomra ranga áirithe |
| Srathú | I gcomhréir le dáileadh daltaí i réigiúin gheografacha |
| Gléas Suirbhéireachta | Ceistneoir féin-chomhlánaithe |
| Seachadadh/ Meabhrúcháin | Seolta sa phost chuig príomhoidí agus múinteoirí, meabhrúcháin le litir agus glao teileafóin |
| Seoladh ar ais | Clúdaigh litreach saorphoist le seoltaí curtha ar fáil |
| Ráta Freagartha | 67% de scoileanna a fuair cuireadh/ 85% de dhaltaí |
| Sampla faighte | 256 scoil/16,060 dalta |
| Caighdeán na Sonraí | Iontráladh na sonraí de réir phrótacal idirnáisiúnta HBSC |
| Eiticí | Thug Coiste Eitic Taighde Ollscoil na hÉireann, Gaillimh cead eiticiúil iomlán |

Tá sonraí maidir le déimeagrafaíocht an tsampla le fáil san Aguisín.

Tá cur síos sna torthaí ar mheon agus ar iompraíocht leanaí i leith na sláinte. Ullmhaíodh na sonraí don HBSC agus do staidéar na Meán-Óige astu féin. Cuireadh na sonraí i láthair bunaithe ar inscne, aois agus aicme shóisialta (AS). Tugtar AS 1-2, AS 3-4 agus AS 5-6 ar aicmí sóisialta ag brath ar ardaicmí sóisialta, meánaicme nó ísealaicme atá i gceist faoi seach. Is catagóirí caighdeánacha a úsáidtear d'aicme shóisialta agus ba é gairm na dtuismitheoirí a chinn cé acu aicme shóisialta a cuireadh síos do na leanaí. Is ionann aicme shóisialta 1 agus daoine gairmiúla (i.e., aturnae, dochtúir), is ionann aicme shóisialta 2 agus gairmeacha bainistíochta (i.e., altra, múinteoir), is ionann aicme shóisialta 3 agus gairmeacha neamhláimhe (i.e., díoltóir, oibrí oifige), is ionann aicme shóisialta 4 agus gairmeacha oilte-láimhe (i.e., gruagaire, siúinéir), is ionann aicme shóisialta 5 agus gairmeacha leathoilte (i.e., fear an phoist, tiománaí), is ionann aicme shóisialta 6 agus gairmeacha neamhoilte (i.e., glantóir, saothraithe).

## Anailís staitistiúil

Rinneadh anailís staitistiúil chun a fháil amach an raibh mórán difríochtaí staitistiúla idir inscne, aois agus aicme shóisialta. Tá cur síos ar dhifríochtaí ag $p<0.05$ sa tuarascáil.

# Torthaí






# Sláinte Ghinearálta

Cuireadh ceisteanna éagsúla ar leanaí faoina saol agus faoina sláinte measta.


## Togha na sláinte

Iarradh ar leanaí a rá an raibh a sláinte den scoth, go maith, measartha nó go dona. San iomlán, thuairiscigh 33% de leanaí 10-17 mbliana d'aois go raibh sláinte den scoth acu agus thuairiscigh 55% eile go raibh an tsláinte go maith acu.

**Figiúr 1: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go bhfuil sláinte den scoth acu**




**Figiúr 2: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go bhfuil sláinte den scoth acu**





Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta. San iomlán, thuairiscigh 38% de bhuachaillí go raibh sláinte den scoth acu i gcomparáid le 27% de chailíní. Is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos óige go bhfuil sláinte den scoth acu ná leanaí níos

sine agus is mó an seans go dtuairisceodh leanaí ó aicmí sóisialta níos airde go bhfuil sláinte den scoth acu ná leanaí ó aicme sóisialta eile. Níl aon athrú ar líon na leanaí a thuairiscigh go bhfuil sláinte den scoth acu ó 2006 (33% in 2006).

## Sláinte den Scoth – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 49% de leanaí rang a 3 agus a 4 go bhfuil sláinte den scoth acu. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in inscne ná in aicmí sóisialta. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go bhfuil sláinte den scoth acu ó 2006 (47% in 2006).


**Figiúr 3: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go bhfuil sláinte den scoth acu**




## An saol faoi láthair (sástacht)

Iarradh ar leanaí a rá mar a airíonn siad faoina saol faoi láthair. San iomlán, thuairiscigh 50% de leanaí go bhfuil siad an-sásta lena saol faoi láthair agus dúirt 41% eile go bhfuil siad sách sásta.

**Figiúr 4: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go bhfuil siad an-sásta lena saol faoi láthair**




**Figiúr 5: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go bhfuil siad an-sásta lena saol faoi láthair**





Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne agus aoisghrúpa. San iomlán, thuairiscigh 52% de bhuachaillí i gcomparáid le 49% de chailíní go bhfuil siad an-sásta lena saol agus is mó seans go dtuairisceodh leanaí níos óige go bhfuil siad an-sásta lena saol ná leanaí níos sine. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. Níl aon athrú ar líon na leanaí a thuairiscigh go bhfuil siad an-sásta lena saol ó 2006 (50% in 2006).

## An saol faoi láthair (sástacht) – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 70% de leanaí rang a 3 agus a 4 go bhfuil siad an-sásta lena saol faoi láthair. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in inscne ná in aicmí sóisialta. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go bhfuil siad an-sásta lena saol ó 2006 (72% in 2006).


**Figiúr 6: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go bhfuil siad an-sásta lena saol faoi láthair**




## Sástacht leis an saol

Iarradh ar leanaí a rá cá seasann siad faoi láthair ar scála ó 0 go 10. San iomlán, thuairiscigh 76% de leanaí go bhfuil siad an-sásta lena saol (7 nó níos airde ar an scála).

**Figiúr 7: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go bhfuil siad an-sásta lena saol**




**Figiúr 8: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go bhfuil siad an-sásta lena saol**




Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú le níos lú cailíní (74%) ná buachaillí (79%) ag rá go bhfuil siad an-sásta lena saol. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú in aoisghrúpaí mar gur mó seans go dtuairisceodh leanaí níos óige go bhfuil siad sásta lena saol ná leanaí níos sine, agus in aicmí sóisialta mar gur lú seans go dtuairisceodh leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle go bhfuil siad an-sásta lena saol ná iad siúd ó aicmí sóisialta eile. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go bhfuil siad an-sásta lena saol ó 2006 (77% in 2006).


PRESS MEDIA
ENTRANCE






# Caitheamh Tobac

Fiafraíodh de leanaí faoi dhá ghné de chaitheamh tobac: ar chaith siad riamh agus an gcaitheann siad faoi láthair, is é sin an gcaitheann siad uair sa mhí nó níos minice.


## Ar chaith siad riamh

San iomlán, thuairiscigh 27% de leanaí gur chaith siad riamh, le difríochtaí suntasacha staitistiúla sna haoisghrúpaí. Tá difríochtaí suntasacha staitisiúla sna hinscní, le níos mó buachaillí (27%) ná cailíní (26%) ag tuairisciú gur chaith siad riamh. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla sna haicmí sóisialta; is mó an seans go dtuairisceodh leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle gur chaith siad riamh ná ó aicmí sóisialta eile. Tá laghdú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh gur chaith siad riamh ó 2006 (36% in 2006).

**Figiúr 9: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh gur chaith siad riamh**





**Figiúr 10: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh gur chaith siad riamh**



## Ar chaith siad riamh – staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 3% de leanaí rang a 3 agus a 4 gur chaith siad riamh. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú le 5% de bhuachaillí i gcomparáid le 2% de chailíní a thuairiscigh gur chaith siad riamh. Tá líon na leanaí i rang a 3 agus a 4 a thuairiscigh gur chaith siad riamh cosúil le 2006 (4% in 2006).


**Figiúr 11: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh gur chaith siad riamh**




## Stádas caithimh faoi láthair

San iomlán, thuairiscigh 12% de leanaí go gcaitheann siad faoi láthair. Tá caitheamh níos forleithne i measc leanaí níos sine agus tá an difríocht seo suntasach go staitistiúil. San iomlán, tá difríochtaí suntasacha staitistiúla sa stádas caithimh faoi láthair sna haicmí sóisialta, is lú seans go dtuairisceodh leanaí ó aicmí sóisialta níos airde go gcaitheann siad faoi láthair. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in inscne. Tá laghdú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go gcaitheann siad faoi láthair ó 2006 (15% in 2006).

**Figiúr 12: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go gcaitheann siad faoi láthair**





**Figiúr 13: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go gcaitheann siad faoi láthair**



## Stádas caithimh faoi láthair – staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 1% de leanaí rang a 3 agus a 4 go gcaitheann siad faoi láthair. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú le 2% de bhuachaillí i gcomparáid le 1% de chailíní ag tuairisciú go gcaitheann siad faoi láthair. Níl aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. San iomlán, tá líon na leanaí i rang a 3 agus a 4 a thuairiscigh go gcaitheann siad faoi láthair mar a chéile le 2006 (1% in 2006).

**Figiúr 14: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go gcaitheann siad faoi láthair**






# Alcól


## Níor ól riamh

San iomlán, thuairiscigh 54% de leanaí nach raibh deoch meisciúil acu riamh. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne agus aoisghrúpa. Is mó an seans go dtuairisceodh cailíní ná buachaillí nár ól siad riamh (57% agus 52% faoi seach), agus is mó seans go dtuairisceodh leanaí níos óige nár ól siad riamh ná leanaí níos sine. Níl aon difríocht in aicme shóisialta le sonrú. Tá méadú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh nár ól siad riamh ó 2006 (47% in 2006).

**Figiúr 15: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh nár ól siad riamh**





**Figiúr 16: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh nár ól siad riamh**




## Deoch alcólach le mí anuas

Glactar leis go bhfuil siad ag ól faoi láthair má bhí deoch alcólach acu le mí roimhe sin. San iomlán, thuairiscigh 21% de leanaí go raibh deoch alcólach acu le mí roimhe sin.

**Figiúr 17: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go raibh deoch alcólach acu le mí roimhe sin**




**Figiúr 18: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go raibh deoch alcólach acu le mí roimhe sin**





Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú le 22% de bhuachaillí i gcomparáid le 19% de chailíní ag tuairisciú go n-ólann siad faoi láthair. Is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine go raibh deoch acu le mí roimhe sin, le 2% de leanaí 10-11 bhliain d'aois agus 40% de leanaí 15-17 mbliana d'aois á thuairisciú seo. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. San iomlán, tá laghdú ar líon na leanaí a thuairiscigh go raibh deoch acu le mí roimhe sin ó 2006 (26% in 2006).


## Ar meisce

Chomh maith le deoch a ól, iarradh ar leanaí an raibh an oiread le hól acu riamh go raibh siad 'ar dearg mheisce'. San iomlán, thuairiscigh 28% de leanaí go raibh siad 'ar dearg mheisce'.

**Figiúr 19: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go raibh siad 'ar dearg mheisce'**




**Figiúr 20: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go raibh siad 'ar dearg mheisce'**





Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú idir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta. Is mó buachaillí (29%) ná cailíní (26%) a thuairiscigh go raibh siad 'ar dearg mheisce' agus is mó leanaí níos sine a thuairiscigh go raibh siad 'ar dearg mheisce': 4% de leanaí 10-11 bhliain d'aois, 16% de leanaí 12-14 bliana d'aois agus 52% de leanaí 15-17 mbliana d'aois. Is mó an seans go dtuairisceodh leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle go raibh siad 'ar dearg mheisce' ná iad siúd ó aicmí sóisialta eile. Tá laghdú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go raibh siad 'ar dearg mheisce' ó 2006 (32% in 2006).


## Ar meisce sna 30 lá roimhe sin

Fiafraíodh de leanaí chomh maith an raibh siad ar meisce sna 30 lá roimhe sin. San iomlán, thuairiscigh 18% de leanaí go raibh siad ar meisce sna 30 lá roimhe sin le difríochtaí suntasacha staitistiúla ó thaobh inscne de: Thuairiscigh 19% de bhuachaillí agus 17% de chailíní an iompraíocht seo. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla freisin in aoisghrúpaí ach níl in aicmí sóisialta. San iomlán, is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go raibh siad ar meisce sna 30 lá roimhe sin ó 2006 (20% in 2006).

**Figiúr 21: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go raibh siad ar meisce sna 30 lá roimhe sin**




**Figiúr 22: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go raibh siad ar meisce sna 30 lá roimhe sin**






# Úsáid Drugaí


## Cannabas le 12 mhí roimhe sin

San iomlán, thuairiscigh 8% de leanaí gur úsáid siad cannabas le 12 mhí roimhe sin, le difríochtaí suntasacha staitistiúla ó thaobh inscne agus aoisghrúpaí de. Thuairiscigh níos mó buachaillí ná cailíní gur úsáid siad cannabas le 12 mhí roimhe sin (10% vs. 6%). Chomh maith leis sin, is mó seans go dtuairisceodh leanaí níos sine gur úsáid siad cannabas le 12 mhí roimhe sin: 1% de leanaí 10-11 bhliain d'aois vs. 17% de leanaí 15-17 mbliana d'aois. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. San iomlán, tá laghdú ar líon na leanaí a thuairiscigh gur úsáid siad cannabas le 12 mhí roimhe sin ó 2006 (16% in 2006).

**Figiúr 23: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh gur úsáid siad cannabas le 12 mhí roimhe sin**





**Figiúr 24: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh gur úsáid siad cannabas le 12 mhí roimhe sin**




## Úsáid cannabais sna 30 lá roimhe sin

Fiafraíodh de leanaí ar úsáid siad cannabas sna 30 lá roimhe sin. San iomlán, thuairiscigh 5% de leanaí 10-17 mbliana d'aois gur úsáid siad cannabas sna 30 lá roimhe sin. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú idir inscne agus aoisghrúpa. Is mó buachaillí (7%) ná cailíní (3%) agus is mó leanaí níos sine ná leanaí níos óige a thuairiscigh gur úsáid siad cannabas sna 30 lá roimhe sin. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. San iomlán, tá laghdú ar líon na leanaí a thuairiscigh gur úsáid siad cannabas le 30 lá roimhe sin ó 2006 (7% in 2006).

**Figiúr 25: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh gur úsáid siad cannabas le 30 lá roimhe sin**




**Figiúr 26: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh gur úsáid siad cannabas le 30 lá roimhe sin**





# Iompraíocht Bia agus Cothaithe

## Torthaí

San iomlán, thuairiscigh 20% de leanaí go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta. Thuairiscigh níos mó cailíní ná buachaillí go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá (22% agus 18% faoi seach). Is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos óige (24% de leanaí 10-11 bhliain d'aois; 20% de leanaí 12-14 bliana d'aois; 9% de leanaí 15-17 mbliana d'aois) agus iad siúd ó aicmí sóisialta níos airde go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá i gcomparáid le leanaí níos sine agus iad siúd ó aicmí sóisialta eile, faoi seach. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá ó 2006 (19% in 2006).

**Fig 27: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá**







**Fig 28: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá**



## Torthaí – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 30% de leanaí rang a 3 agus a 4 go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá. Ní raibh aon difríochtaí inscne ach bhí difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá ó 2006 (30% in 2006).


**Figiúr 29: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá**




## Glasraí

San iomlán, thuairiscigh 20% de leanaí go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú le níos lú buachaillí (19%) ná cailíní (22%) ag tuairisciú go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú sna haoisghrúpaí agus sna haicmí sóisialta mar gur mó seans go dtuairisceodh leanaí níos óige agus iad siúd ó aicmí sóisialta níos airde go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá ná leanaí níos sine agus iad siúd ó aicmí sóisialta eile, faoi seach. Tá méadú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá ó 2006 (18% in 2006).

**Figiúr 30: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá**





**Figiúr 31: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá**



## Glasraí – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 26% de leanaí i rang a 3 agus a 4 go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú ó thaobh inscne de, le níos mó cailíní ag tuairisciú go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá ná buachaillí (29% agus 23% faoi seach). Níl aon difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. Tá méadú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá ó 2006 (21% in 2006).


**Figiúr 32: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá**




## Milseáin

Iarradh ar leanaí cé chomh minic agus a itheann siad milseáin a thuairisciú. San iomlán, thuairiscigh 37% de leanaí go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta. San iomlán, thuairiscigh 39% de chailíní go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice i gcomparáid le 34% de bhuachaillí. Is mó i bhfad an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine agus leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice i gcomparáid le leanaí níos óige agus iad siúd ó aicmí sóisialta eile, faoi seach. Tá laghdú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice ó 2006 (39% in 2006).

**Figiúr 33: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice**





**Figiúr 34: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice**



## Milseáin – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 28% de leanaí rang a 3 agus a 4 go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in inscne ná in aicmí sóisialta. Tá an líon leanaí a thuairiscigh go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice fanta mar a chéile ó 2006 (28% in 2006).


**Figiúr 35: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice**




## Deochanna Boga

San iomlán, thuairiscigh 21% de leanaí go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta. San iomlán, thuairiscigh 23% de bhuachaillí go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice i gcomparáid le 19% de chailíní. Is mó i bhfad an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine agus iad siúd ó aicmí sóisialta níos ísle go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice. Tá laghdú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice ó 2006 (26% in 2006).

**Figiúr 36: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice**





**Figiúr 37: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice**



## Deochanna boga – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 15% de leanaí rang a 3 agus a 4 go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice. Is mó i bhfad an seans go dtuairisceodh buachaillí (18%) ná cailíní (13%) go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. Tá laghdú tagtha ar líon na leanaí i rang a 3 agus a 4 a thuairiscigh go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice ó 2006 (18% in 2006).


**Figiúr 38: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice**




## Gan bricfeasta a ithe

San iomlán, thuairiscigh 13% de leanaí 10-17 mbliana d'aois nach n-itheann siad bricfeasta riamh i rith na seachtaine. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta. San iomlán, thuairiscigh 15% de chailíní nach n-itheann siad bricfeasta i rith na seachtaine i gcomparáid le 11% de bhuachaillí. Is mó i bhfad an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine agus leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle nach n-itheann siad bricfeasta riamh i rith na seachtaine i gcomparáid le leanaí níos óige agus iad siúd ó aicmí sóisialta eile, faoi seach. San iomlán, is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh nach n-itheann siad bricfeasta riamh i rith na seachtaine ó 2006 (14% in 2006).

**Figiúr 39: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh nach n-itheann siad bricfeasta riamh i rith na seachtaine.**





**Figiúr 40: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh nach n-itheann siad bricfeasta riamh i rith na seachtaine.**



## Gan bricfeasta a ithe – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 2% de leanaí rang a 3 agus a 4 nach n-itheann siad bricfeasta riamh aon lá den tseachtain. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in inscne ná in aicmí sóisialta. Níl aon athrú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh nach n-itheann siad bricfeasta aon lá den tseachtain ó 2006 (2% in 2006).


**Figiúr 41: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh nach mbíonn bricfeasta acu riamh i rith na seachtaine ná ag an deireadh seachtaine**




## Ag dul ag an scoil/ a chodladh ina dtroscadh

Iarradh ar leanaí a insint cé chomh minic agus a théann siad ar scoil nó a chodladh agus ocras orthu mar nach raibh a ndóthain bia acu sa bhaile. San iomlán, thuairiscigh 21% de leanaí go ndeachaigh siad ar scoil nó a chodladh riamh agus ocras orthu. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta. San iomlán, thuairiscigh 22% de bhuachaillí go ndeachaigh siad ag an scoil nó a chodladh agus ocras orthu i gcomparáid le 19% de chailíní. Is mó i bhfad an seans go dtuairisceodh leanaí níos óige agus leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle go ndeachaigh siad ag an scoil nó a chodladh agus ocras orthu i gcomparáid le leanaí níos sine agus iad siúd ó aicmí sóisialta eile, faoi seach. Tá méadú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go ndeachaigh siad ag an scoil nó a chodladh agus ocras orthu ó 2006 (17% in 2006).

**Figiúr 42: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go ndeachaigh siad ag an scoil nó a chodladh agus ocras orthu**





**Figiúr 43: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go ndeachaigh siad ag an scoil nó a chodladh agus ocras orthu**




## Aiste Bia

Iarradh ar leanaí an raibh siad ag iarraidh meáchan a chailleadh faoi láthair nó an raibh meáchan le cailleadh acu (ach nach raibh siad ar aiste bia faoi láthair). San iomlán, thuairiscigh 13% go raibh siad ag iarraidh meáchan a chailleadh agus thuairiscigh 19% eile go raibh meáchan le cailleadh acu. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne agus aoisghrúpa. San iomlán, thuairiscigh 17% de chailíní go raibh siad ag iarraidh meáchan a chailleadh i gcomparáid le 10% de bhuachaillí, agus is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine go raibh siad ag iarraidh meáchan a chailleadh i gcomparáid le leanaí níos óige. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. San iomlán, is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go bhfuil siad ag iarraidh meáchan a chailleadh ó 2006 (12% in 2006).

**Figiúr 44: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go bhfuil siad ag iarraidh meáchan a chailleadh**




**Figiúr 45: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go bhfuil siad ag iarraidh meáchan a chailleadh**






# Aclaíocht agus Gníomhaíocht Fhisiciúil

Iarradh ar leanaí faoin aclaíocht a bhíonn ar bun acu ina gcuid ama féin. Iarradh orthu cé chomh minic a bhíonn siad i mbun aclaíochta go mbíonn siad rite as anáil nó ag cur allais. Tá sonraí le fáil thíos a léiríonn an céatadán a thuairiscigh go mbíonn siad i mbun aclaíochta den chineál seo ceithre bhabhta nó níos minice sa tseachtain agus iad siúd a thuairiscigh nach mbíonn siad i mbun aclaíochta gach seachtain.


## Aclaíocht bhríomhar ≥ 4 bhabhta/seachtain

San iomlán, thuairiscigh 51% de leanaí go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne agus aoisghrúpa. San iomlán, thuairiscigh 60% de bhuachaillí go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice i gcomparáid le 40% de chailíní. Is mó i bhfad an seans go dtuairisceodh leanaí níos óige go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice i gcomparáid le leanaí níos sine (62% de leanaí 10-11 bhliain d'aois; 54% de leanaí 12-14 bliana d'aois; 41% de leanaí 15-17 mbliana d'aois). Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. San iomlán, is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice ó 2006 (53% in 2006).

**Figiúr 46: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go mbíonn siad i mbun aclaíocht bhríomhar ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice**




**Figiúr 47: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go mbíonn siad i mbun aclaíocht bhríomhar ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice**




## Aclaíocht bhríomhar ≥ 4 bhabhta/seachtain – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 70% de leanaí rang a 3 agus a 4 go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice, le difríochtaí suntasacha staitistiúla ó thaobh inscne de (72% de bhuachaillí agus 67% de chailíní). Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice ó 2006 (72% in 2006).

**Figiúr 48: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go mbíonn siad i mbun aclaíocht bhríomhar ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice**




# Aclaíocht agus Gníomhaíocht Fhisiciúil


## Neamhghníomhaíocht fhisiciúil

San iomlán, thuairiscigh 9% de leanaí go mbíonn siad i mbun aclaíocht bhríomhar níos lú ná uair sa tseachtain. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta. San iomlán, thuairiscigh 6% de bhuachaillí go mbíonn siad i mbun aclaíocht bhríomhar níos lú ná uair sa tseachtain i gcomparáid le 13% de chailíní. Is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine agus leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle go mbíonn siad i mbun aclaíocht bhríomhar níos lú ná uair sa tseachtain i gcomparáid le leanaí níos óige agus iad siúd ó aicmí sóisialta eile, faoi seach. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh nach mbíonn siad gníomhach ó 2006 (10% in 2006).

**Figiúr 49: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go mbíonn siad i mbun aclaíocht bhríomhar níos lú ná uair sa tseachtain.**





**Figiúr 50: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go mbíonn siad i mbun aclaíocht bhríomhar níos lú ná uair sa tseachtain.**



## Neamhghníomhaíocht fhisiciúil - Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 7% de leanaí rang a 3 agus a 4 go mbíonn siad páirteach in aclaíocht bhríomhar níos lú ná uair sa tseachtain agus ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla ó thaobh inscne de. Is mó an seans go dtuairisceodh leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle go raibh siad neamhghníomhach ná iad siúd ó aicmí sóisialta eile. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh nach mbíonn siad gníomhach ó 2006 (8% in 2006).


**Figiúr 51: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go mbíonn siad i mbun aclaíocht bhríomhar níos lú ná uair sa tseachtain**




## Gníomhach 7 lá le seachtain anuas

San iomlán, thuairiscigh 25% de leanaí go raibh siad gníomhach 7 lá le seachtain anuas. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta. San iomlán, thuairiscigh 31% de bhuachaillí go raibh siad gníomhach 7 lá le seachtain anuas i gcomparáid le 18% de chailíní. Is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos óige go raibh siad gníomhach seacht lá le seachtain anuas ná leanaí níos sine. San iomlán, níl aon athrú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go raibh siad gníomhach 7 lá le seachtain anuas ó 2006 (27% in 2006).

**Figiúr 52: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go raibh siad gníomhach 7 lá le seachtain anuas**




**Figiúr 53: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go raibh siad gníomhach 7 lá le seachtain anuas.**











## Ag ní fiacla

Iarradh ar leanaí a thuairisciú cé chomh minic a níonn siad a gcuid fiacla. San iomlán, thuairiscigh 67% de leanaí go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá, agus thuairiscigh 27% eile go níonn siad a gcuid fiacla uair sa lá. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú idir inscne agus aicme shóisialta. San iomlán, thuairiscigh 77% de chailíní i gcomparáid le 59% de bhuachaillí, agus leanaí in aicmí sóisialta níos airde i gcomparáid le haicmí sóisialta eile, go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aoisghrúpaí. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá ó 2006 (63% in 2006).

**Figiúr 54: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá**





**Figiúr 55: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá**



## Ní fiacla – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 66% de leanaí rang a 3 agus a 4 go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú ó thaobh inscne de le 69% de chailíní i gcomparáid le 63% de bhuachaillí a thuairiscigh go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá ó 2006 (64% in 2006).


**Figiúr 56: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go níonn siad a gcuid fiacla níos minice ná uair sa lá**




## Crios sábháilteachta a úsáid

Fiafraíodh de leanaí a thuairisciú cé chomh minic a chaitheann siad crios sábháilteachta i gcarr. San iomlán, thuairiscigh 81% de leanaí go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí sa charr. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne agus aoisghrúpa. San iomlán, thuairiscigh 84% de chailíní i gcomparáid le 79% de bhuachaillí go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí sa charr agus is mó seans go dtuairisceodh leanaí níos óige an t-iompar seo i gcomparáid le leanaí níos sine. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. San iomlán, is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí sa charr ó 2006 (79% in 2006).

**Figiúr 57: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí**





**Figiúr 58: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí**



## Crios sábháilteachta a úsáid – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 87% de leanaí rang a 3 agus a 4 go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí sa charr. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú ó thaobh inscne de le 90% de chailíní i gcomparáid le 85% de bhuachaillí a thuairiscigh go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí sa charr. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. San iomlán, is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí sa charr ó 2006 (88% in 2006).

**Figiúr 59: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go gcaitheann siad crios sábháilteachta i gcónaí**






# Gortuithe


## Gortú ag am éigin

San iomlán, thuairiscigh 37% de leanaí gur gortaíodh iad uair amháin nó níos minice le 12 mhí anuas, agus gur theastaigh cóir leighis uathu. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne agus aoisghrúpa. San iomlán, is mó an seans go dtuairisceodh buachaillí agus leanaí níos sine, i gcomparáid le cailíní agus leanaí níos óige faoi seach, gur gortaíodh riamh iad. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. Tá laghdú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh gur gortaíodh iad ó 2006 (43% in 2006).

**Figiúr 60: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh gur gortaíodh iad le 12 mhí**





**Figiúr 61: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh gur gortaíodh iad le 12 mhí**




## Caillteanas gníomhaíochta mar gheall ar ghortú

Iarradh ar leanaí a thuairisciú chomh maith cé mhéad lá gníomhaíochta a chaill siad mar gheall ar dhrochghortú, le bliain anuas. As an méid a thuairiscigh gur gortaíodh iad, thuairiscigh 57% gur chaill siad 3 lá gníomhaíochta nó níos mó mar gheall ar ghortú. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne agus aoisghrúpa. San iomlán, thuairiscigh 58% de bhuachaillí i gcomparáid le 50% de chailíní gur chaill siad 3 lá gníomhaíochta nó níos mó mar gheall ar ghortú agus is mó i bhfad an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine gur chaill siad 3 lá nó níos mó i gcomparáid le leanaí níos óige. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. Is beag difríocht atá i líon na leanaí a chaill 3 lá gníomhaíochta nó níos mó mar gheall ar ghortú ó 2006 (56%).

**Figiúr 62: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh gur chaill siad 3 lá gníomhaíochta nó níos mó le bliain anuas**




**Figiúr 63: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh gur chaill siad 3 lá gníomhaíochta nó níos mó le bliain anuas**






# Troid agus Bulaíocht


## I mbun Troda

Iarradh ar leanaí an raibh siad ag troid le 12 mhí anuas. San iomlán, thuairiscigh 35% de leanaí go raibh siad ag troid le 12 mhí anuas. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú idir inscne agus aicme shóisialta. San iomlán, is mó an seans go dtuairisceodh buachaillí (48%) ná cailíní (20%), agus leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle ná aicmí sóisialta eile, go raibh siad ag troid. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aoisghrúpaí. San iomlán, is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go raibh siad ag troid ó 2006 (38% in 2006).

**Figiúr 64: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go raibh siad ag troid le 12 mhí**





**Figiúr 65: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go raibh siad ag troid le 12 mhí**




## Bulaíocht déanta orthu

Iarradh ar leanaí a thuairisciú cé chomh minic a rinneadh bulaíocht orthu ar scoil le cúpla mí anuas. San iomlán, thuairiscigh 24% de leanaí go ndearnadh bulaíocht orthu. Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir inscne agus aoisghrúpa. San iomlán, thuairiscigh 26% de bhuachaillí go ndearnadh bulaíocht orthu i gcomparáid le 23% de chailíní agus is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos óige go ndearnadh bulaíocht orthu i gcomparáid le leanaí níos sine. Níl aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. San iomlán, is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go ndearnadh bulaíocht orthu ó 2006 (24% in 2006).

**Figiúr 66: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go ndearnadh bulaíocht orthu le 12 mhí**





**Figiúr 67: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go ndearnadh bulaíocht orthu le 12 mhí**



## Bulaíocht déanta orthu – Staidéar na Meán-Óige

San iomlán, thuairiscigh 37% de leanaí rang a 3 agus a 4 go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil le cúpla mí anuas. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in inscne ná in aicmí sóisialta. Is beag athrú atá tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go ndearnadh bulaíocht orthu ó 2006 (37% in 2006).


**Figiúr 68: Céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní 9 mbliana d'aois a thuairiscigh go ndearnadh bulaíocht orthu le cúpla mí anuas**




## Bulaíocht ar dhaoine eile

Iarradh ar leanaí a thuairisciú chomh maith cé chomh minic a raibh páirt acu féin i mbulaíocht ar dhalta eile ar scoil le cúpla mí anuas. San iomlán, thuairiscigh 17% de leanaí go ndearna siad bulaíocht ar scoil. Bhí difríochtaí móra staitistiúla ó thaobh inscne agus aoisghrúpa de. Thuairiscigh níos mó buachaillí ná cailíní go ndearna siad bulaíocht (22% agus 10% faoi seach) agus is mó an seans go dtuairisceodh leanaí níos sine go ndearna siad bulaíocht ná leanaí níos óige. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta. Tá laghdú tagtha ar líon na leanaí a thuairiscigh go ndearna siad bulaíocht ó 2006 (22% in 2006).

**Figiúr 69: Céatadán na mbuachaillí a thuairiscigh go ndearna siad bulaíocht le cúpla mí anuas**




**Figiúr 70: Céatadán na gcailíní a thuairiscigh go ndearna siad bulaíocht le cúpla mí anuas**






# Impraíocht Sláinte Ghnéis

Iarradh roinnt ceisteanna ar leanaí idir 15-17 mbliana d'aois faoina n-iompraíocht sláinte ghnéis. Fiafraíodh díobh faoi chaidreamh collaí agus úsáid an phiollaire bhreithrialaithe agus coiscíní mar fhrithghiniúint an uair dheiridh a raibh caidreamh collaí acu.

## Gníomhaíocht Ghnéis

San iomlán, thuairiscigh 27% de leanaí 15-17 mbliana d'aois go raibh caidreamh gnéis acu riamh. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú idir inscne agus aicme shóisialta. San iomlán, is mó an seans go dtuairisceodh buachaillí ná cailíní go raibh caidreamh collaí acu riamh (31% agus 23% faoi seach), mar aon leo siúd ó aicmí sóisialta níos ísle.


**Figiúr 71: Ceatadán na leanaí 15–17 mbliana d'aois a thuairiscigh go raibh caidreamh collaí acu riamh, de réir inscne**



## Úsáid an phiollaire bhreithrialaithe

Astu siúd a thuairiscigh go raibh caidreamh collaí acu riamh, thuairiscigh 59% gur úsáid siad an piollaire breithrialaithe mar fhrithghiniúint an uair dheiridh. Tá difríochtaí suntasacha staitistiúla le sonrú ó thaobh inscne de. Is mó an seans go dtuairisceodh cailíní gur úsáid siad an piollaire breithrialaithe mar fhrithghiniúint ná buachaillí. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in aicmí sóisialta.


**Figiúr 72: Céatadán na leanaí 15–17 mbliana d'aois a thuairiscigh gur úsáid siad an piollaire breithrialaithe (astu siúd a raibh caidreamh collaí acu)**




## Úsáid coiscíní

Astu siúd a thuairiscigh go raibh caidreamh collaí acu riamh, thuairiscigh 93% gur úsáid siad coiscíní mar fhrithghiniúint an uair dheiridh. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha staitistiúla le tabhairt faoi deara in inscne ná in aicmí sóisialta.

**Figiúr 73: Leanaí 15–17 mbliana d'aois a thuairiscigh gur úsáid siad coiscíní (astu siúd a raibh caidreamh collaí acu).**



# Aguisín

## Ionadaíocht Dhéimeagrafach na bhFreagróirí: Suirbhé HBSC 2010

Léirigh briseadh síos de réir inscne ar rannpháirtithe HBSC 2010 gur buachaillí 51% agus cailíní 49%. Cuireadh na rannpháirtithe i gcomparáid le sonraí dhaonáireamh 2006 do réigiúin agus aicmí sóisialta. Léiríonn Tábla 2 na huimhreacha deiridh do gach réigiún agus an céatadán den sampla iomlán atá i gceist. Léiríonn an séú colún céatadán na leanaí 7-11 bhliain d'aois sna réigiúin i rith dhaonáireamh 2006. Léiríonn na sonraí an daonra sna réigiúin éagsúla agus tá difríochtaí beaga ann ó dhaonáireamh 2006.

**Tábla 2: Comparáid idir ionad fhreagróirí HBSC 2006 agus 2002 agus daonáireamh 2006**

| | n | | % | | % |
|---|---|---|---|---|---|
| **Limistéar an Bhoird Sláinte** | **HBSC 2006** | **HBSC 2010** | **HBSC 2006** | **HBSC 2010** | **Daonáireamh 2006** |
| An tOirthear | 3055 | 3869 | 30 | 32 | 33 |
| An tOirthuaisceart | 633 | 753 | 6 | 6 | 10 |
| An tOirdheisceart | 1646 | 919 | 16 | 8 | 12 |
| An tIarthuaisceart | 704 | 665 | 7 | 6 | 6 |
| An Deisceart | 1450 | 2760 | 14 | 23 | 15 |
| An Lár-Iarthar | 914 | 1155 | 9 | 10 | 9 |
| An tIarthar | 1427 | 947 | 14 | 8 | 10 |
| An Lár-Tíre | 395 | 1132 | 4 | 9 | 7 |

Chomh maith leis sin, rinneadh comparáid idir na haicmí sóisialta agus aicmí sóisialta i ndaonáireamh 2006, mar atá léirithe i dTábla 3. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeadh difríochtaí beaga le sonrú anseo mar go dtuairiscíonn an daonáireamh gach duine de réir aicme shóisialta, agus nach tuismitheoirí ná caomhnóirí leanaí sna haoisghrúpaí seo a bheadh iontu ar fad.

**Tábla 3: Comparáid idir aicmí sóisialta fhreagróirí HBSC 2006 agus 2010 agus daonáireamh 2006**

| Aicme shóisialta | HBSC 2006 (%) | HBSC 2010 (%) | Daonáireamh 2006 (%) |
|---|---|---|---|
| Gairmiúil | 4 | 7 | 7 |
| Bainistíocht | 23 | 30 | 26 |
| Neamhláimhe | 8 | 13 | 17 |
| Lámhoilte | 29 | 21 | 17 |
| Leathoilte | 11 | 10 | 11 |
| Neamhoilte | 5 | 2 | 4 |
| Neamhaicmithe | - | 1 | - |
| Ní fios | 20 | 16 | 18 |

Léiríonn Tábla 4 thíos céatadán na bhfreagróirí HBSC de réir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta.

**Tábla 4: Dáileadh fhreagróirí HBSC 2006 agus 2010 de réir inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta**

| | AS 1-2 (%) | | AS 3-4 (%) | | AS 5-6 (%) | | n | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | HBSC 2006 | HBSC 2010 | HBSC 2006 | HBSC 2010 | HBSC 2006 | HBSC 2010 | HBSC 2006 | HBSC 2010 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | | | |
| 10-11 bhliain | 26 | 41 | 53 | 44 | 21 | 15 | 498 | 644 |
| 12-14 bliana | 33 | 41 | 47 | 44 | 20 | 14 | 2184 | 2557 |
| 15-17 mbliana | 36 | 46 | 43 | 40 | 20 | 14 | 1801 | 1953 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | | | |
| 10-11 bhliain | 24 | 39 | 51 | 46 | 26 | 15 | 713 | 687 |
| 12-14 bliana | 31 | 43 | 47 | 43 | 23 | 15 | 2064 | 2464 |
| 15-17 bliana | 37 | 48 | 43 | 37 | 21 | 15 | 1665 | 1832 |

## Staidéar na Meán-Óige

**Tábla 5: Comparáid idir ionad fhreagróirí HBSC 2006 agus 2010 agus daonáireamh 2006**

| | n | | % | | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Limistéar an Bhoird Sláinte | Suirbhé na Meán-Óige 2006 | Suirbhé na Meán-Óige 2010 | Suirbhé na Meán-Óige 2006 | Suirbhé na Meán-Óige 2010 | Daonáireamh 2006 |
| An tOirthear | 1313 | 974 | 39 | 39 | 33 |
| An tOirthuaisceart | 189 | 154 | 6 | 6 | 10 |
| An tOirdheisceart | 542 | 160 | 16 | 6 | 11 |
| An tIarthuaisceart | 136 | 166 | 4 | 7 | 6 |
| An Deisceart | 470 | 419 | 14 | 17 | 14 |
| An Lár-Iarthar | 225 | 163 | 7 | 7 | 9 |
| An tIarthar | 363 | 177 | 11 | 7 | 9 |
| An Lár-Tíre | 116 | 261 | 4 | 11 | 7 |

**Tábla 6: Comparáid idir aicme shóisialta fhreagróirí HBSC 2006 agus 2010 agus daonáireamh 2006**

| Aicme shóisialta | HBSC 2006 (%) | HBSC 2010 (%) | Daonáireamh 2006 (%) |
|---|---|---|---|
| Gairmiúil | 6 | 6 | 7 |
| Bainistíocht | 20 | 23 | 26 |
| Neamhláimhe | 14 | 13.5 | 17 |
| Lámhoilte | 21 | 20 | 17 |
| Leathoilte | 21 | 14.5 | 11 |
| Neamhoilte | 4 | 2 | 4 |
| Neamhaicmithe | | 2.5 | |
| Ní fios | 14 | 18 | 18 |

**Tábla 7: Dáileadh fhreagróirí HBSC 2006 agus 2010 de réir inscne agus aicme shóisialta**

| | AS 1-2 (%) | | AS 3-4 (%) | | AS 5-6 (%) | | n | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | HBSC 2006 | HBSC 2010 | HBSC 2006 | HBSC 2010 | HBSC 2006 | HBSC 2010 | HBSC 2006 | HBSC 2010 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | | | |
| Leanaí 9 mbliana d'aois | 32 | 36 | 39 | 44 | 29 | 20 | 1490 | 921 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | | | |
| Leanaí 9 mbliana d'aois | 27 | 37 | 43 | 40 | 30 | 23 | 1435 | 1035 |

# Foireann an Tionscadail

## An tIonad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

| | |
|---|---|
| An Dr Saoirse Nic Gabhainn | Príomh-Imscrúdaitheoir, HBSC Éireann |
| An Dr Michal Molcho | Príomh-Imscrúdaitheoir Ionaid, HBSC Éireann |
| An Dr Colette Kelly | Bainisteoir Tionscadail/Taighdeoir Sinsearach, HBSC Éireann |
| Aoife Gavin | Taighdeoir |
| Natasha Clarke | Taighdeoir |
| Katie Murphy | Taighdeoir |
| An Dr Amanda Fitzgerald | Taighdeoir |
| An Dr Siobhan O'Higgins | Taighdeoir |
| Larri Walker | Cúntóir Taighde |
| Christina Costello | Tacaíocht Riaracháin |
| An Dr Viv Batt | Stiúrthóir Riaracháin |

## An Coiste Comhairleach

| | |
|---|---|
| An tUasal Robbie Breen | An Roinn Sláinte |
| Annemarie Brooks | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| An tUasal Seán Denyer | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| An Dr John Devlin | An Roinn Sláinte |
| An Dr Sinead Hanafin | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| An tUasal Hugh Magee | An Roinn Sláinte |
| An tUasal Liam McCormack | An Roinn Sláinte |
| An tUasal Shay McGovern | An Roinn Sláinte |
| An Dr Brian Neeson | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Ursula O'Dwyer | An Roinn Sláinte |
| An Dr Stephanie O'Keefe | An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime |
| Biddy O'Neill | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Claire O'Reilly | An Roinn Sláinte |

# Buíochas leo seo a leanas

Tuismitheoirí agus leanaí a bhí toilteanach a bheith páirteach.

Na hÚdaráis Bhainistíochta, na Príomhoidí agus na Múinteoirí sna scoileanna a bhí páirteach.

Comhordaitheoir Idirnáisiúnta: An tOll. Candace Currie, University of St. Andrews, Albain.

Bainisteoir ar an mBanc Sonraí Idirnáisiúnta: An tOll. Oddrun Samdal, Ollscoil Bergen, An Iorua.

An Roinn Sláinte; An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Ba mhaith linn freisin buíochas a ghlacadh le Gail Cummins, Emiliano Curetti, Priscilla Doyle, Marie Galvin, Yetunde John-Akinola, Samantha Loughrey, Amy Magill, Peter Manley, Joe Mullen, Christina Murphy, Geraldine Nolan, Brían O'Connor, Ronan O'Connor, Ailbhe Spillane, Susan Spillane, Aisling Walsh agus foireann agus seirbhísí eile OÉ Gaillimh.

Iontráil Sonraí: e-Celtic, Co. Bhaile Átha Cliath agus Larri Walker.

Dearadh agus leagan amach: Rob Smyth.

Seirbhís Aistriúcháin OÉ Gaillimh as an téacs a aistriú go Gaeilge.



